

Gairmscoil na bPiarsach

Cáisc

2015



Ag casadh an chéad fhód



Deireadh ré agus tús ré nua.

20ú Marta 2014



Focal Ón bPríomhoide


A chairde,

Fáilte chuig eagrán 3 de nuachtlitir na bliana seo ó Ghairmscoil na bPiarsach. Mar is iondúil tá go leor curtha ag na scoláirí i gcrích le cabhair na múinteoirí ó Nollag. Tá scoláirí an teastas shóisearaigh agus na hArdteiste tar éis na scrúduithe macasamhail a chríochniú. D'oibreadar go crua le linn na seachtaine agus tá súil againn go leanfaidh an obair seo ar aghaidh chomh fada leis na scrúdaithe stáit sa Samhradh.

Bhí scoláirí an ceathrú bliain ar sheachtain táithí oibre ag tús mí Feabhra agus táim an-bhuíoch do na scoileanna, eagraíochtaí agus comhlachtaí a chuir an deis sin ar fáil dhóibh. Bhí oíche oscailte sa nGairmscoil le gairid chomh mhaith agus táim buíoch chomh maith do chuile dhuine a thug cúnamh ar an oíche. Ar deireadh, táimid thar a bheith buíoch anseo i nGairmscoil na bPiarsach do **Bhrian Clarke** a bhailigh ós cionn míle euro ar son scoláirí na scoile nuair a ghlac sé páirt i gcomórtas Dórnalaíochta 'White collar boxing'. Tá sé beartaithe an t-airgead seo a chaitheamh ar áiseanna spraoi do na scoláirí.

Guím chuile rath ar **Cholin Ó Niaidh** a bhéas ag glacadh páirt i gComórtas domhanda an damhsa gaelach i gCeanada ag deireadh na míosa seo. Tréaslaím le **Saoirse Ní Chónaire** atá tar éis páirt a fháil ar fhoireann peile faoi 14 na Gaillimhe agus le Siobhán Ní Mhainín atá le foireann Faoi 16 na Gaillimhe. Comhghairdeachas mór leo triúr.

Peadar Ó Loideáin (Príomhoide)



Anuas leis na crainnte



Brian Clarke in éineacht le scoláirí na chéad bhliana tar éis dhó os cionn €1000 urraíochta a bhailiú don scoil i gcomórtas dornalaíochta White Collar Boxing





Enterprise –Rent-a Car & Gairmscoil na bPiarsach

Tá nasc idir an gcomhlacht Enterprise –Rent a Car agus Gairmscoil na bPiarsach. Thug an comhlacht cuireadh don 4ú bliain a bheith páirteach ins an nasc seo ar 4ú Feabhra. Beidh na scoláirí ag foghlaim go leor scileanna faoi chomhlachtaí. Chomh maith le sin beidh an comhlacht ag tabhairt cúnamh dhóibh bréag agallamh a dhéanamh, scil a bhéas ag teastáil go géar nuair a fhagann siad an scoil. Mar chuid de na scileanna seo beidh siad ag déanamh amach CV agus ag foghlaim cén chaoi le haghaidh iarratas a dhéanamh má tá siad ag cur isteach ar post. **Patricia Úí Fhlaithearta** (Comhordaitheoir an Chláir

Fiontraíocht

Clioná Ní Standún a labhair leis an rang ATGO agus rang gnó an 2ú bliain faoi fhiontraíocht le déanaí.



"Think Pink"



†

Comhbhrón

Ba mhaith linn comhbhrón a dhéanamh

le

**Clann Uí Neachtain, An Spidéal ar bhás a mac
Éamonn**

&

Clann Uí Chaisín, Ros Muc ar bhás Tommy.

Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha.

†

**D'fhreastal an 4ú agus 5ú bliain ar an gClár Drive for Life (atá
díríte ar shábháilteacht ar na bóithre) le déanaí.**



Clár Rothaíochta agus Sábháilteacht
ar Rothair a rinne an 2ú agus 4ú bliain
le déanaí.

**Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,
091-574100**

Ríomhphost: piarsach@gretb.ie

www.gairmscoilnabpiarsach.com

Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha

